BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Ceathrú Dlísheomra)

4 Deireadh Fómhair 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Cosaint idirnáisiúnta a dheonú – Treoir 2013/32/AE – Airteagal 38 – Airteagal 18 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Coincheap 'tríú tír shábháilte' – Cáilíocht Phoblacht na Tuirce mar 'thriú tír atá sábháilte' – Athligean isteach iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta sa tríú tír – Diúltú)

I gCás C-134/23,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ón Symvoulio tis Epikrateias (an Chomhairle Stáit, an Ghréig), trí bhreith an 3 Feabhra 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 7 Márta 2023, sna himeachtaí

Somateio 'Elliniko Symvoulio gia all Prosfyges',

Astiki Mi Kerdoskopiki Etaireia 'Ypostirixi Prosfygon sto Aigaio'

v

Ypourgos Exoterikon,

Ypourgos Metanastefsis kai Asylou,

tugann AN CHÚIRT (an Ceathrú Dlísheomra),

Agus í comhdhéanta mar a leanas: C. Lycourgos, Uachtarán Dlísheomra, O. Spineanu-Matei, J.-C. Bonichot, S. Rodin agus L. S. Rossi (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: P. Pikamäe,

Cláraitheoir: S. Spyropoulos, Riarthóir,

ag féachaint don chuid i scríbhinn den nós imeachta agus tar éis éisteacht an 14 Márta 2024,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Somateio 'Elliniko Symvoulio gia tous Prosfyges', ag V. Papadopoulos, dikigoros,

– Astiki Mi Kerdoskopiki Etaireia 'Ypostirixi Prosfygon sto Aigaio', ag E. Spathana, dikigoros,

* Teanga an cháis: an Ghréigis.

– Rialtas na Gréige, Z. Chatzipavlou, K. Georgiadis, G. Karipsiadis, T. Papadopoulou agus S. Spyropoulos, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Seice, A. Edelmannová, M. Smolek agus J. Vláčil, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Gearmáine, J. Möller agus R. Kanitz, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Cipire, I. Neophytou agus F. Sotiriou, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na hUngáire, ag Zs. Biró-Tóth agus M. Z. Fehér, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na hÍsiltíre, M. K. Bulterman agus A. Hanje, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, A. Azéma agus A. Katsimerou, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 13 Meitheamh 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagal 38 de Threoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar (IO 2013 L 180, lch. 60), arna léamh i bhfianaise Airteagal 18 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt').

2 Rinneadh an iarraidh in imeachtaí idir Somateio 'Elliniko Symvoulio gia tous Prosfyges' (Comhlachas 'an Chomhairle Heilléanach do dhídeanaithe', an Ghréig) agus Astiki Mi Kerdoskopiki Etaireia 'Ypostirixi Prosfygon sto Aigaio' (Sochaí Shibhialta Neamhbhrabúsach 'Tacaíocht do dhídeanaithe sa Mhuir Aeigéach', an Ghréig), dhá chomhlacht a oibríonn thar ceann dídeanaithe, agus Ypourgos Exoterikon (an tAire Gnóthaí Eachtracha, an Ghréig) agus Ypourgos Metanatefsis kai Asylou (an tAire Inimirce agus Tearmainn, an Ghréig) maidir le bailíocht comhorduithe aireachta arna nglacadh go comhpháirteach acu agus lena n-ainmnítear Poblacht na Tuirce mar 'thríú tír atá sábháilte' do chatagóirí áirithe iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

An Comhaontú um Athligean Isteach idir an tAontas agus an Tuirc

3 An 16 Nollaig 2013, thug an tAontas Eorpach agus Poblacht na Tuirce Comhaontú i gcrích maidir le daoine a chónaíonn gan údarú a athligean isteach (IO 2014 L 134, lch. 3, 'Comhaontú um Athligean Isteach idir an tAontas agus an Tuirc'). Daingníodh an comhaontú sin thar ceann an Aontais Eorpaigh le Cinneadh 2014/252/UE ón gComhairle an 14 Aibreán 2014 (IO 2014 L 134, lch. 1 agus ceartúchán IO 2014 L 331, lch. 40).

4 Foráiltear le hAirteagal 4(1) den Chomhaontú um Athligean Isteach idir an tAontas agus an Tuirc:

‘Déanfaidh an Tuirc, arna iarraidh sin do Bhallstát agus gan iallach a bheith ar an mBallstát sin tabhairt faoi aon fhoirmiúlachtaí seachas na foirmiúlachtaí dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo, na náisiúnaigh tríú tír nó na daoine gan stát uile nach gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann a thuilleadh na coinníollacha atá i bhfeidhm maidir le teacht isteach i gcríoch an Bhallstáit iarrthaigh, maidir le bheith i láthair inti nó maidir le cónaí inti má bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 10:

c) gur tháinig sé isteach go neamhdhleathach agus go díreach i gcríoch na mBallstát tar éis dó fanacht ar chríoch na Tuirce nó idirthuras a dhéanamh tríd.’

5 De bhun Chinneadh (AE) 2016/551 ón gComhairle an 23 Márta 2016 lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste um Athligean Isteach ar chinneadh ón gCoiste sin maidir le rialacha mionsonraithe le haghaidh chur chun feidhme Airteagail 4 agus 6 den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Tuirce maidir le daoine a chónaíonn gan údarú a athligean isteach ón 1 Meitheamh 2016 (IO 2016 L 95, lch. 9), tá feidhm ag an oibleagáid a leagtar amach in Airteagal 4 den Chomhaontú um Athligean Isteach ón 1 Meitheamh 2016 idir an tAontas agus an Tuirc.

Treoir 2013/32:

6 Foráiltear le haithrisí 18, 43, 44 agus 46 de Threoir 2013/32 mar seo a leanas:

‘(18) Is chun leasa na mBallstát agus na n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta araon go gcinnfear iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a luaithe is féidir, gan dochar do scrúdú iomchuí agus iomlán a dhéanamh.

[…]

(43) Ba chóir do na Ballstáit scrúdú a dhéanamh ar fhiúntas gach iarratas, is é sin le rá measúnú a dhéanamh an bhfuil an t-iarratasóir lena mbaineann incháilithe le haghaidh cosaint idirnáisiúnta i gcomhréir le Treoir 2011/95/AE [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach, agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar (IO 2011 L 337, lch. 9)], mura luaitear a mhalairt sa Treoir seo, go háirithe i gcás inar féidir glacadh leis go réasúnach go ndéanfadh tír eile an scrúdú sin nó go mbronnfadh sí cosaint leordhóthanach.

[…]

(44) Níor chóir go mbeadh sé de chúram ar na Ballstáit scrúdú a dhéanamh ar fhiúntas an iarratais ar chosaint idirnáisiúnta i gcás inar féidir a bheith ag súil leis, go réasúnta, mar gheall ar nasc leordhóthanach le tríú tír mar a shainmhínítear sa dlí náisiúnta, go lorgaíonn an t-iarratasóir cosaint sa tríú tír sin agus go bhfuil cúiseanna ann lena chreidiúint go ndéanfar an t-iarratasóir a ligean isteach nó a athligean isteach sa tír sin. Níor cheart do na Ballstáit tabhairt faoin méid sin ach amháin i gcásanna ina mbeadh an

t-iarratasóir atá i gceist sábháilte sa tríú tír lena mbaineann. Chun gluaiseachtaí tánaisteacha iarratasóirí a sheachaint, ba cheart comhphrionsabail a bhunú lena chur san áireamh nó lena n-ainmniú tríú tíortha mar thíortha sábháilte ag na Ballstáit.

[...]

(46) Nuair a chuireann na Ballstáit coincheapa maidir le tríú tíortha sábháilte i bhfeidhm ar bhonn cás ar chás nó nuair a ainmníonn siad tíortha mar thíortha sábháilte trí liostaí a ghlacadh chun na críche sin, ba cheart dóibh a chur san áireamh, *inter alia*, treoirlínte agus lámhleabhair oibriúcháin, agus faisnéis maidir leis an tír thionscnaimh agus gníomhaíochtaí, lena n-áirítear modheolaíocht [na hOifige Tacaíochta Eorpaí do Chúrsaí Tearmainn (EASO)] a bhaineann le tuarascálacha faisnéise faoin tír thionscnaimh a thíolacadh, dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 lena mbunaítear Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn [IO 2010 L 132, lch. 11], chomh maith le treoir ábhartha ó h[Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe (UNHCR)].'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear le hAirteagal 2 den Treoir sin, dar teideal 'Sainmhínithe':

'Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

a) ciallaíonn "Coinbhinsiún na Ginéive" Coinbhinsiún an 28 Iúil 1951 i dtaobh Stádas Dídeanaithe, arna leasú le Prótacal Nua-Eabhrac an 31 Eanáir 1967;

[...]

c) ciallaíonn "iarratasóir" náisiúnach tríú tír nó duine gan stát a bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta déanta aige, nach bhfuil cinneadh críochnaitheach déanta ina leith fós;

[...]

(e) ciallaíonn "cinneadh críochnaitheach" aon chinneadh maidir le stádas dídeanaí nó stádas cosanta coimhdí a dheonú don náisiúnach tríú tír nó don duine gan stát faoi Threoir [2011/95], agus nach bhfuil aon ábhar achomhairc ann ina aghaidh faoi Chaibidil V den Treoir seo a thuilleadh, cé má tá nó nach bhfuil d'éifeacht ag an achomharc sin cead a thabhairt d'iarratasóir fanacht ar chríoch na mBallstát lena mbaineann go dtí go gcuirfear i gcrích é;

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 I gCaibidil II den Treoir sin, dar teideal 'Bunphrionsabail agus coimircí', tá Airteagail 6 go 30.

9 I measc fhorálacha Chaibidil III den Treoir chéanna, dar teideal 'Nósanna imeachta ag an gcéad chéim', tá, go háirithe, Airteagail 31, 33, 35 agus 38.

10 Foráiltear le hAirteagal 31 de Threoir 2013/32, dar teideal ‘Nós imeachta scrúdúcháin’, i míreanna 1 agus 2:

‘1. Déanfaidh na Ballstáit iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a phróiseáil i nós imeachta scrúdúcháin i gcomhréir leis na bunphrionsabail agus na ráthaíochtaí dá bhforáiltear i gCaibidil II.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear an nós imeachta scrúdúcháin i gcrích a luaithe is féidir, gan dochar do scrúdú leordhóthanach agus iomlán.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

11 Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 33 den Treoir sin, dar teideal ‘Iarratais dho-ghlactha’:

‘1. Sa bhreis ar na cásanna nach ndéantar scrúdú ar iarratas iontu i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013, lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (IO 2013 L 180, lch. 31)], ní cheanglaítear ar na Ballstáit a scrúdú i dtaobh an gcáilíonn iarratasóir do chosaint idirnáisiúnta i gcomhréir le Treoir [2011/95] i gcás ina meastar an t-iarratas a bheith do-ghlactha de bhun an Airteagail sin.

2. Ní fhéadfaidh na Ballstáit a mheas go bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta neamh-inghlactha ach sna cásanna seo a leanas:

a) bronnadh Ballstát eile cosaint idirnáisiúnta;

b) meastar gur tír nach Ballstát í an chéad tír thearmainn atá ag an iarratasóir, de bhun Airteagal 35;

c) meastar gur tír nach Ballstát í tríú tír shábháilte d’iarratasóir, de bhun Airteagal 38;

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

12 Foráiltear le hAirteagal 35 den Treoir sin, dar teideal ‘Coincheap thír an chéad tearmainn’:

‘Féadfar a mheas go bhfuil tír mar thír an chéad tearmainn d’iarratasóir ar leith má léiríonn an t-iarratasóir:

a) go bhfuil sé nó sí aitheanta cheana féin mar dhídeanaí sa tír sin agus go bhféadfaidh sé nó sí fós brath ar an gcosaint sin; nó

b) go bhfuil cosaint leordhóthanach aige nó aici ar bhealach eile sa tír sin, lena n-áirítear tairbhe phrionsabal an *non-refoulement*,

ar choinníoll go ligtear nó go n-athligtear isteach sa tír sin é.

Trí chur i bhfeidhm choincheap na chéad tíre tearmainn ar staid aonair iarratasóra, féadfaidh na Ballstáit Airteagal 38(1) a chur san áireamh. Tá údarás ag an iarratasóir cur i gcoinne chur i bhfeidhm choincheap na chéad tíre tearmainn ar a staid aonair.'

13 Foráiltear le hAirteagal 38 den Treoir sin, dar teideal 'Coincheap an tríú tír shábháilte':

'1. Ní fhéadfaidh na Ballstáit coincheap an tríú tír shábháilte a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás ina bhfuil na húdaráis inniúla sásta go gcaithfear leis an iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta i gcomhréir leis na prionsabail seo a leanas sa tríú tír lena mbaineann:

a) nach bhfuil bagairt ar bheatha ná ar shaoirse na n-iarratasóirí mar gheall ar a gcine, a reiligiún, a náisiúntacht, a mballraíocht i ngrúpa sóisialta nó tuairim pholaitiúil ar leith;

b) nach bhfuil aon bhaol ann go ndéanfaí díobháil thromchúiseach de réir bhrí Threoir [2011/95];

c) go n-urramaítear prionsabal an *non-refoulement* i gcomhréir le Coinbhinsiún na Ginéive;

d) go gcuirtear toirmeasc, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, ar dhuine aonair a aistriú go tír ina bhfuil sé nó sí i mbaol céastóireachta nó íde nó pionóis eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach; agus

e) go bhfuil an fhéidearthacht ann aitheantas a lorg do stádas dídeanaí agus, má dheonaítear é, cosaint a fháil i gcomhréir le Coinbhinsiún na Ginéive.

2. Beidh cur i bhfeidhm an choincheapa tríú tír shábháilte faoi réir rialacha a leagtar síos sa dlí náisiúnta, go háirithe:

a) go bhfuil nasc ann idir an t-iarratasóir agus an tríú tír lena mbaineann agus, ar bhonn an naisc sin, go mbeadh sé réasúnach dó nó di dul chuig an tír sin.

b) rialacha maidir le modhanna arna gcur i bhfeidhm ag na húdaráis inniúla chun a áirithiú go bhféadfaí an coincheap de thríú tír shábháilte a chur i bhfeidhm i leith tír nó iarratasóir ar leith. Áireofar leis an modheolaíocht sin breithniú cáis ar chás ar shábháilteacht na tíre d'iarratasóir ar leith agus/nó d'ainmniú náisiúnta tíortha a mheastar a bheith sábháilte go ginearálta;

c) rialacha i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, lena gceadófaí scrúdú aonair d'fhonn a chinneadh an bhfuil an tríú tír lena mbaineann sábháilte d'iarratasóir ar leith a chuireann ar chumas an iarratasóra, ar a laghad, agóid a dhéanamh i gcoinne chur i bhfeidhm an choincheapa tríú tír shábháilte ar an bhforas nach bhfuil an tríú tír shábháilte ina chás ar leith. Ceadaítear don iarratasóir freisin agóid a dhéanamh i gcoinne nasc a bheith ann idir é féin agus an tríú tír i gcomhréir le pointe (a).

3. Nuair atá cinneadh á chur chun feidhme acu atá bunaithe ar an Airteagal seo amháin, déanfaidh na Ballstáit:

a) an t-iarratasóir a chur ar an eolas; agus

b) doiciméad a sholáthar dó nó di a chuireann in iúl d'údaráis an tríú tír lena mbaineann, i dteanga na tíre sin, nár scrúdaíodh an t-iarratas maidir lena fhiúntas.

4. I gcás nach gceadaíonn an tríú tír don iarratasóir dul isteach ina críoch, go n-áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh an duine sin imeachtaí a thionscnamh i gcomhréir leis na bunphrionsabail agus na ráthaíochtaí a leagtar amach i gCaibidil II.

5. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi na tíortha ina gcuirtear an coincheap seo i bhfeidhm i gcomhréir le forálacha an Airteagail seo go rialta.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialachán (AE) 2024/1348

14 Aisghaireadh Treoir 2013/32 le Rialachán (AE) 2024/1348 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE (IO L, 2024/1348), le héifeacht ón 12 Meitheamh 2026, i gcomhréir le hAirteagal 79(2) den Rialachán sin.

Dlí na Gréige

An Dlí maidir le cosaint idirnáisiúnta

15 Trasuítear le Nomos 4636/2019 peri diethnous prostasias kai alles diatakseis, (Dlí 4636/2019 maidir le cosaint idirnáisiúnta agus forálacha eile) (FEK A' 169/1.11.2019), sa leagan is infheidhme i leith na díospóide sna príomhimeachtaí ('an Dlí maidir le cosaint idirnáisiúnta') Treoir 2013/32 i ndlí na Gréige.

16 I gcomhréir le hAirteagal 84(1)(d) den Dlí maidir le cosaint idirnáisiúnta, diúltóidh na húdaráis inniúla iarratas ar chosaint idirnáisiúnta toisc é a bheith neamh-inghlactha i gcás ina meastar tír nach Ballstát í a bheith ina tríú tír shábháilte don iarratasóir faoi Airteagal 86 den Dlí sin.

17 Leagtar amach in Airteagal 86(1) den Dhlí maidir le cosaint idirnáisiúnta na critéir charnacha chun go ndéanfaí tríú tír a aicmiú mar 'thríú tír shábháilte'.

18 De bhun Airteagal 86(2) den Dlí sin, déanfar comhlíonadh na gcritéar i mír 1 den Airteagal sin a mheas ar bhonn cás ar chás agus i gcás gach iarratasóra aonair, mura rud é gur ainmníodh an tríú tír mar thír shábháilte go ginearálta agus go n-áirítear í ar liosta náisiúnta na dtríú tíortha sábháilte. Más amhlaidh an cás, féadfaidh an t-iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta agóid a dhéanamh i gcoinne chur i bhfeidhm choincheap an 'tríú tír shábháilte' ar an bhforas nach bhfuil an tríú tír shábháilte ina imthosca ar leith. I gcomhréir le hAirteagal 86(3) den Dlí sin, cinnfear le comhordú aireachta na tríú tíortha a ainmnítear mar thíortha sábháilte d'aicmí áirithe iarrthóirí tearmainn, ar bhonn a saintréithe sonracha, chun críocha iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú.

19 De réir Airteagal 86(5) den Dlí céanna, i gcás nach gceadaíonn an tríú tír i gceist don iarratasóir dul isteach ina críoch, scrúdóidh na húdaráis inniúla substaint an iarratais.

An Chéad Chomhordú Aireachta agus an Dara Comhordú Aireachta

20 Ar bhonn Airteagal 86 den Dlí maidir le cosaint idirnáisiúnta, glacadh Koini Ypourgiki apofasi 42799/3.6.2021, dar teideal 'Kathorismos triton choron pou charaktirizontai os asfaleis kai katartisi ethnikou katalogou, kata ta orizomena sto arthro 86 tou nomou 4636/2019 (A'169)' (Comhordú Aireachta 42799/3.6.2021, 'Cinneadh maidir le tríú tíortha atá ainmnithe mar thíortha sábháilte agus bunú liosta náisiúnta i gcomhréir le forálacha Airteagal 86 de Dhlí 4636/2019 (A'169)'), (FEK B 2425/7.6.2021) ('an Chéad Chomhordú Aireachta').

21 Aicmítear leis an gComhordú Aireachta sin Poblacht na Tuirce mar 'thríú tír shábháilte' d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta arb í an tSiria, an Afganastáin, an Phacastáin, an Bhanglaidéis agus an tSomáil a dtír thionscnaimh.

22 Cuireadh Koini Ypourgiki apofasi 458568/15.12.2021, dar teideal 'Tropopoiisi tis yp.ar. 42799/03.06.2021 koinis apofasis ton Ypourgon Exoterikon kai Metanastefsis kai Asylou "Kathorismos triton choron pou charaktirizontai os asfaleis kai katartisi ethnikou katalogou, kata ta orizomena sto arthro 86 tou nomou 4636/2019 (A'169)" (B' 2425)' (Comhordú Aireachta 458568/15.12.2021 'Leasú ar Comhordú 42799/03.06.2021 na hAirí Gnóthaí Eachtracha agus Inimirce agus Tearmainn "Tríú tíortha atá ainmnithe mar thíortha sábháilte a chinneadh agus liosta náisiúnta a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 86 de Dhlí 4636/2019 (A'169)" (B' 2425))', (FEK B' 5949/16.12.2021), ('an Dara Comhordú Aireachta'), in ionad an Chéad Chomhordú Aireachta.

23 Ainmnítear arís leis an gComhordú Aireachta sin Poblacht na Tuirce mar 'thríú tír shábháilte' d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta arb í an tSiria, an Afganastáin, an Phacastáin, an Bhanglaidéis agus an tSomáil a dtír thionscnaimh.

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

24 Thug na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí caingean le haghaidh neamhniú os comhair an Simvoulio tis Epikrateias (an Chomhairle Stáit, an Ghréig), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, i gcoinne an Chéad Chomhordaithe Aireachta agus i gcoinne an Dara Comhordú Aireachta, ar an bhforas, go háirithe, go raibh siad contrártha le hAirteagal 86 den Dlí maidir le cosaint idirnáisiúnta agus d'Airteagal 38 de Threoir 2013/32.

25 Go háirithe, maíonn na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí, ar an gcéad dul síos, nach ráthaítear 'le comhaontuithe idirnáisiúnta' an fhéidearthacht na hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a chumhdaítear leis na horduithe sin a athligean isteach sa Tuirc agus, ar an dara dul síos, nach bhfuil aon ionchas réasúnach ann go ndéanfar iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a athligean isteach sa Tuirc ós rud é go gur chuir an tríú tír sin athligean isteach iarratasóirí den sórt sin ina críoch ar fionraí ó mhí an Mhárta 2020 agus ó phaindéim COVID-19.

26 Is léir ón iarraidh ar réamhrialú, tar éis di a chinneadh nach raibh ach an chaingean le haghaidh neamhniú a tionscnaíodh i gcoinne an Dara Comhordú Aireachta inghlactha, gur chinn an chúirt a rinne an tarchur, a mhéid a rinne na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí gearán nach raibh aon oibleagáid dhlíthiúil ar Phoblacht na Tuirce iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a athligean isteach ón nGréig, nach mór diúltú don ghearán sin. Ag féachaint go háirithe don Chomhaontú um Athligean Isteach, mheas an chúirt a rinne an tarchur go raibh oibleagáid dhlíthiúil den sórt sin glactha ag Poblacht na Tuirce.

27 Ar an taobh eile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur ar chomhlíon Poblacht na Tuirce an oibleagáid dhlíthiúil sin i ndáiríre, i bhfianaise an fhíorais, ar ghlac údaráis na Gréige leis freisin, gur scoir an tríú tír sin d'athligean isteach ina críoch, ó mhí an Mhárta 2020 i leith agus gan a leithéid de chás gur dócha go n-athróidh sé sin go luath amach anseo, iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ar measadh a n-iarratais a bheith neamh-inghlactha sa Ghréig faoin gcoincheap 'tríú tír shábháilte'.

28 Chuige sin, chuir an chúirt a rinne an tarchur, í féin, dhá chur chuige ar leith in iúl a bhaineann le léiriú Airteagal 38 de Threoir 2013/32, maidir leis an gceist sin.

29 De réir an chéad chur chuige, a roinneann tromlach na gcomhaltaí sa chúirt a rinne an tarchur, is réamhchoinníoll é an fhéidearthacht an t-iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta a athligean isteach sa tríú tír lena mbaineann chun an tír sin a ainmniú mar 'thríú tír shábháilte' de réir bhrí Airteagal 38 de Threoir 2013/32, ag féachaint, go háirithe, don chuspóir, dá dtagraítear go háirithe in aithris 18 agus a chuirtear in iúl freisin in Airteagal 31(2) de, chun a áirithiú go ndéanfar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a phróiseáil chomh tapa agus is féidir. Ní dhéanfadh léiriú eile ach síneadh a chur le fad an scrúdaithe ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, leis an éiginnteacht maidir le fanacht an iarratasóra sa tír inar thíolaic sé nó sí a iarratas nó a hiarratas, gan an baol a chur as an áireamh go bhfillfí é nó í ar thír ina bhféadfaí géarleanúint a dhéanamh air nó uirthi ná go bhféadfaí cur isteach ar an gcaidreamh idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, ní féidir le Ballstát liosta náisiúnta de thríú tíortha atá sábháilte go ginearálta a tharraingt suas, mar a cheadaítear le hAirteagal 38(2) de Threoir 2013/32, i gcás nach n-áirithíonn an tríú tír sin comhlíonadh éifeachtach na hoibleagáide a bhfuil sí faoina réir na hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta lena mbaineann a ligean isteach nó a athligean isteach ina críoch. Sna himthosca sin, ní mór seasamh leis an gcaingean chun an Dara Comhordú Aireachta a chur ar neamhní.

30 Deir an chúirt a rinne an tarchur, de réir an dara cur chuige, ar fhorálacha Threoir 2013/32, gur ionann an coinníoll a bhaineann le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a ligean isteach nó a athligean isteach go héifeachtach agus gné de bhailíocht nach mbaineann leis an ngníomh rialála lena n-ainmnítear tír mar thír shábháilte i gcoitinne, ach leis an ngníomh aonair lena ndiúltaítear d'iarratas sonrach ar chosaint idirnáisiúnta toisc é a bheith neamh-inghlactha faoin gcoincheap 'tríú tír shábháilte' lena gcuirtear gníomh aonair den sórt sin chun feidhme. Sna himthosca sin, ní mór an chaingean le haghaidh neamhniú i gcoinne an Dara Comhordú Aireachta a dhíbhe toisc í a bheith gan bhunús.

31 Sna himthosca sin, chinn an Simvoulio tis Epikrateias (an Chomhairle Stáit) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'1) An gá Airteagal 38 de [Threoir 2013/32] arna léamh i gcomhar le hAirteagal 18 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léiriú mar chosc ar reachtaíocht náisiúnta (rialála) lena n-aicmítear tríú tír mar thriú tír atá sábháilte go ginearálta do chatagóirí áirithe iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta i gcás inar thug an tír sin gealltanas dlíthiúil na catagóirí sin iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a athligean isteach ar a críoch, ach gur cosúil gur dhiúltaigh sí athligean isteach ar feadh tréimhse fhada ama (níos mó ná 20 mí sa chás seo) agus nach cosúil go ndearnadh imscrúdú ar an bhféidearthacht go ndéanfadh sí a seasamh a athrú go luath amach anseo? nó

2) An gá an fhoráil sin a léiriú sa chiall nach ceann de na coinníollacha carnacha é athligean isteach sa tríú tír chun an cinneadh náisiúnta (rialála), lena n-aicmítear tríú tír mar thriú tír atá sábháilte go ginearálta do chatagóirí áirithe iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta tríú tír, a ghlacadh, ach gur ceann de na coinníollacha carnacha é chun cinneadh aonair lena ndiúltaítear iarratas sonrach ar chosaint idirnáisiúnta toisc é a bheith do-ghlactha a ghlacadh ar fhoras an "tríú tír shábháilte"? nó

3) An gá an fhoráil sin a léiriú sa chiall, i gcás ina bhfuil an cinneadh lena ndiúltaítear an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta bunaithe ar fhoras an "tríú tír sábhailte", nach bhfuil athligean isteach sa "tríú tír shábháilte" le fíorú ach amháin nuair a dhéantar an cinneadh a fhorghníomhú?'

Na himeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais

32 Ina hiarraidh ar réamhrialú, d'iarr an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt Bhreithiúnais go ndéileálfadh sí leis an gcás seo faoin nós imeachta brostaithe, de bhun Airteagal 105(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais ar an bhforas go mbeadh tionchar ag cinneadh na Cúirte ar líon mór daoine agus go mbeadh an réimse atá i gceist an-íogair.

33 An 31 Márta 2023, chinn Uachtarán na Cúirte, tar éis dó an Breitheamh is Rapóirtéir agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, nach raibh aon ghá an iarraidh sin a dheonú.

34 Is ionstraim nós imeachta é nós imeachta brostaithe den sórt sin a bheartaítear chun freagairt do phráinn urghnách. Níl an líon mór daoine nó cásanna dlíthiúla a bhféadfadh na ceisteanna a tharchuirtear difear a dhéanamh dóibh agus a d'fhéadfadh, dá réir sin, mar imthoisc eisceachtúil lena bhféadfaí údar a thabhairt le nós imeachta brostaithe (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Meán Fómhair 2022, *Bundesrepublik Deutschland (Fionraí riaracháin an chinnidh aistrithe)*, C-245/21 agus C-248/21, EU:C:2022:709, míreanna 33 go 35). Thairis sin, níor thagair an chúirt a rinne an tarchur d'aon fhianaise lena bhféadfaí a mheas gur cás eisceachtúil géarchéime é an cás seo nach gceadaítear leis do na húdaráis náisiúnta inniúla, *inter alia*, na bearta is gá a leagan síos chun a áirithiú go scrúdófar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta nó a chuirfeadh bac suntasach ar fheidhmiú an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn go dtí go dtiocfadh freagra ón gCúirt (féach, chuige sin, ordú Uachtarán na Cúirte an 19 Meán Fómhair 2017, *Magamadov*, C-438/17, EU:C:2017:723, mír 18, agus breithiúnas an 22 Meán Fómhair 2022, *Bundesrepublik Deutschland (Fionraí riaracháin an chinnidh aistrithe)*, C-245/21 agus C-248/21, EU:C:2022:709, mír 36).

Na ceisteanna le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist

35 Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 38 de Threoir 2013/32, arna léamh i bhfianaise Airteagal 18 den Chairt, le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht Ballstáit lena n-ainmnítear tríú tír mar thriú tír atá sábháilte go ginearálta do chatagóirí áirithe iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta nuair a chuir an tríú tír sin, in ainneoin na hoibleagáide dlíthiúla a bhfuil sí faoina réir, go bhfuil an tríú tír seo tar éis ligean isteach nó athligean isteach ar a críoch a chur ar fionraí, ar bhealach ginearálta agus gan aon ionchas ar fhorbairtí dá mhalairt.

36 Mar réamhphointe, ba cheart a mheabhrú go liostaítear go huileghabhálach in Airteagal 33(2) de Threoir 2013/32 na cásanna ina bhféadfaidh na Ballstáit a mheas nach bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta inghlactha (breithiúnas an 8 Feabhra 2024, *Bundesrepublik Deutschland (Inghlacthacht iarratais iardain)*, C-216/22, EU:C:2024:122, mír 26 agus an cásdlí dá dtagraítear].

37 Dá bhrí sin, tugtar an chumhacht, le hAirteagal 33(2)(c) den Treoir sin, do na húdaráis inniúla iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhiúltiú toisc é a bheith neamh-inghlactha i gcás ina meastar tír nach Ballstát í a bheith ina tríú tír shábháilte don iarratasóir faoi Airteagal 38 den Treoir sin. De réir na faisnéise a chuir an chúirt a rinne an tarchur ar fáil, rinneadh an chumhacht sin a thrasuí sa dlí náisiúnta de bhun Airteagal 84(1)(d) den Dlí maidir le cosaint idirnáisiúnta.

38 Is léir ó Airteagal 38 de Threoir 2013/32 go bhfuil cur i bhfeidhm an choincheapa ‘tríú tír shábháilte’ faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha carnacha dá bhforáiltear i míreanna 1 go 4 (breithiúnais an 19 Márta 2020, *Bevándorlási és Menekültügyi Hivatal (Tompa)*, C-564/18, EU:C:2020:218, mír 36, agus an 16 Samhain 2021, *an Coimisiún* v *an Ungáir (Cúnamh d’iarrthóirí tearmainn a choiriúlú)*, C-821/19, EU:C:2021:930, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).

39 Ar an gcéad dul síos, foráiltear le hAirteagal 38(1) den Treoir sin nach féidir leis na Ballstáit an coincheap ‘tríú tír shábháilte’ a chur i bhfeidhm ach amháin má tá siad cinnte go gcaithfear leis an iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta sa tríú tír lena mbaineann i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach go sainráite i bpointí (a) go (e) den fhoráil sin.

40 Sa chás seo, is léir ón ráiteas ar na cúiseanna leis an iarraidh ar réamhrialú gur dhiúltaigh an chúirt a rinne an tarchur go cinntitheach don argóint a chur na hiarratasóirí chun cinn sna príomhimeachtaí, lena n-éilítear nár chomhlíon Poblacht na Tuirce na prionsabail sin agus mar thoradh air sin nach gceistíonn an chúirt sin an Chúirt Bhreithiúnais faoi léiriú na bprionsabal sin.

41 Ar an dara dul síos, faoi Airteagal 38(2) den Treoir sin, tá cur i bhfeidhm an choincheapa ‘tríú tír shábháilte’ faoi réir na rialacha a leagtar síos leis an dlí náisiúnta. Ní mór go n-áireofaí sna rialacha sin, go háirithe, na rialacha lena bhforáiltear do cheangal a bheith ann idir an t-iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta agus an tríú tír lena mbaineann sa mhéid go mbeadh sé réasúnta don iarratasóir filleadh ar an tír sin, iad siúd a bhaineann leis na modhanna arna gcur i bhfeidhm ag na húdaráis inniúla chun a áirithiú gur féidir coincheap an ‘tríú tír shábháilte’ a chur i bhfeidhm maidir le tír ar leith nó maidir le hiarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta shonrach, iad siúd, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-údaraítear scrúdú aonair d’fhonn a chinneadh an bhfuil an tríú tír lena mbaineann sábháilte d’iarratasóir ar leith ar chosaint idirnáisiúnta agus, sa chomhthéacs sin, lena gceadaítear don iarratasóir sin agóid a dhéanamh i gcoinne chur i bhfeidhm choincheap an ‘tríú tír shábháilte’ maidir lena staid ar leith agus maidir le nasc a bheith ann idir é féin agus an tír sin.

42 Ar an tríú dul síos, ceanglaítear le hAirteagal 38(3) de Threoir 2013/32 ar na Ballstáit, a chuireann cinneadh chun feidhme atá bunaithe ar choincheap an ‘tríú tír shábháilte’ amháin, an t-iarratasóir a chur ar an eolas faoi sin agus doiciméad a sholáthar dó lena gcuirtear in iúl d’údaráis an tríú tír sin, i dteanga na tíre sin, nár scrúdaíodh an t-iarratas maidir lena fhiúntas. Thairis sin, foráiltear le hAirteagal 38(4) den Treoir sin, i gcás nach gceadaíonn an tríú tír don iarratasóir ar an gcosaint sin dul isteach ina críoch, go n-áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh an duine sin imeachtaí a thionscnamh i gcomhréir leis na bunphrionsabail agus na ráthaíochtaí a leagtar amach i gCaibidil II den Treoir sin.

43 Dá bhrí sin, sa chéad áit, is léir ó fhoclaíocht Airteagal 38 de Threoir 2013/32 go n-údaraítear leis an Treoir sin do Bhallstát tír a ainmniú, trí ghníomh a bhfuil feidhm ghinearálta aige, amhail an Dara Comhordú Aireachta a bhí i gceist sna príomhimeachtaí, mar thríú tír shábháilte go ginearálta d'iarratasóirí sonracha ar chosaint idirnáisiúnta.

44 Ar an gcéad dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara, go bhféadfar na modhanna nach mór do na Ballstáit a chur chun feidhme chun a áirithiú go bhféadfar an coincheap 'tríú tír shábháilte' a chur i bhfeidhm maidir le tír ar leith agus dá dtagraítear in Airteagal 38(2)(b) den Treoir sin do scrúdú cás ar chás ar shábháilteacht na tíre lena mbaineann d'iarratasóir ar leith 'agus/nó d'ainmniú ag an mBallstát ar [thríú] tír a mheastar a bheith sábháilte go ginearálta'. Ar an taobh eile, toisc go gceanglaítear le hAirteagal 38(2)(c) den Treoir sin ar na Ballstáit rialacha a bhunú lena n-údaraítear scrúdú aonair d'fhonn a chinneadh an bhfuil an tríú tír lena mbaineann sábháilte d'iarratasóir arna chinneadh, á ráthú, go háirithe, go gciallaíonn an fhéidearthacht go bhféadfaí cur i bhfeidhm an choincheapa 'tríú tír shábháilte' a chonspóid ar an bhforas nach bhfuil an tríú tír lena mbaineann sábháilte ina chás ar leith, go bhfuil sé intuigthe go bhfuil údarás ag Ballstát tríú tír den sórt sin a ainmniú, mar chuid de ghníomh a bhfuil feidhm ghinearálta aige, mar thríú tír atá sábháilte go ginearálta.

45 Ar an dara dul síos, tacaítear leis an léiriú sin le haithrisí 44 agus 46 de Threoir 2013/32, ina dtagraítear go sainráite, faoi seach, do 'phrionsabail choiteanna maidir le hainmniú tríú tíortha ag na Ballstáit mar thíortha sábháilte' agus trí roinnt faisnéise agus doiciméad a chur san áireamh ina n-ainmníonn na Ballstáit tíortha sábháilte trí liostaí a ghlacadh chun na críche sin.

46 Ar an tríú dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara nach gcuireann Airteagal 38 de Threoir 2013/32 bailíocht an ghnímh a bhfuil feidhm ghinearálta aige lena n-ainmníonn Ballstát tríú tír mar thríú tír sábháilte go ginearálta faor réir an choinníll go bhfuil sé cruthaithe go bhfuil na hiarratasóirí ar an gcosaint idirnáisiúnta lena mbaineann a ligean isteach nó a athligean isteach ar chríoch an tríú tír seo.

47 Ar thaobh amháin, níl ligean isteach nó athligean isteach na n-iarratasóirí sin sa tríú tír sin i measc na rialacha a liostaítear in Airteagal 38(2) den Treoir sin, a bhfuil cur i bhfeidhm an choincheapa 'tríú tír shábháilte' sna Ballstáit faoina réir. Ar an taobh eile, eascraíonn sé go hintuigthe as Airteagal 38(4) den Treoir sin, 'i gcás nach gceadaíonn an tríú tír [sábháilte] lena mbaineann don iarratasóir dul isteach ina críoch, ní mór do na Ballstáit a áirithiú gur féidir leis an duine sin imeachtaí a thionscnamh i gcomhréir leis na bunphrionsabail agus na ráthaíochtaí a leagtar amach i gCaibidil II de Threoir [2013/32]', go bhfuil aicmiú an tríú tír sin mar 'thríú tír sábháilte' i gcomhréir le diúltú na tíre sin iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a ligean isteach ina críoch nó a athligean isteach ina críoch.

48 Dá bhrí sin, is léir ón bhforáil dheireanach sin, i gcás inar ainmnigh Ballstát, trí ghníomh a bhfuil feidhm ghinearálta aige, tríú tír mar thír atá sábháilte go ginearálta, in ainneoin gur chuir an tríú tír sin an fhéidearthacht d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta teacht isteach ar a críoch ar fionraí, nach mór don Bhallstát sin a áirithiú go bhfuil sé de cheart ag gach iarratasóir lena mbaineann nós imeachta a thionscnamh d'fhonn scrúdú a dhéanamh ar a iarratas nó a hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta.

49 Sa dara háit, maidir le comhthéacs Airteagal 38 de Threoir 2013/32, tá sé tábhachtach Airteagal 35 den Treoir sin a chur san áireamh, a thagraíonn d'fhoras eile do neamh-inghlacthacht iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a luaitear i mír 37 den bhreithiúnas seo.

50 Mar a luaitear in Airteagal 35, féadfar tír a mheas mar an ‘chéad tír thearmainn’ atá ag an iarratasóir ar leith más rud é gur aithníodh é nó í mar dhídeanaí sa tír sin agus gur féidir léi nó leis fós brath ar an gcosaint sin nó go bhfuil cosaint leordhóthanach acu ar bhealach eile sa tír sin, lena n-áirítear tairbhe phrionsabal an *non-refoulement*, ‘ar choinníoll go n-athghlacfar [an t-iarratasóir] sa tír sin’.

51 Dá bhrí sin, murab ionann agus an méid a luaitear in Airteagal 38(4) de Threoir 2013/32 maidir leis an gcoincheap ‘tríú tír shábháilte’, cuireann Airteagal 35 den Treoir sin cur i bhfeidhm an choincheapa ‘an chéad tír thearmainn’ sna Ballstáit faoi réir an choinníll go n-athligfear an t-iarratasóir isteach sa tír atá ainmnithe amhlaidh.

52 Sa tríú háit, ní thagann an léiriú ar Airteagal 38 de Threoir 2013/32 ar dá réir nach bhfágann an tAirteagal sin go bhfuil ainmniú tríú tír atá sábháilte go ginearálta faoi réir an choinníll go ndéanann an tríú tír lena mbaineann iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ar a críoch a ligean isteach nó a athligean isteach, rud atá intuigthe óna fhoclaíocht agus óna chomhthéacs, contrártha leis an méid a chuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúli gcoimhlint le cuspóirí Threoir 2013/32. Ní thagann sé salach, go háirithe, ar an gcuspóir, a leagtar amach in aithris 18 den Treoir sin, ar dá réir, ar mhaithe, go háirithe, le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, nach mór iarratais ar chosaint den sórt sin a chinneadh chomh tapa agus is féidir, gan dochar do scrúdú iomchuí uileghabhálach a dhéanamh (féach, chuige sin, breithiúnas an 29 Iúil 2019, *Torubarov*, C-556/17, EU:C:2019:626, mír 53 agus an cásdlí dá dtagraítear).

53 Mar a luaitear i mír 48 den bhreithiúnas seo, is léir ó Airteagal 38(4) de Threoir 2013/32 go bhfuil sé de thoradh ar ligean isteach nó athligean isteach iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ar chríoch tríú tír atá ainmnithe mar thír shábháilte go ginearálta ag Ballstát a chur ar fionraí nach mór don Bhallstát sin a áirithiú go bhfuil na hiarratasóirí sin in ann nós imeachta a thionscnamh i gcomhréir leis na bunphrionsabail agus na ráthaíochtaí a leagtar amach in Airteagail 6 go 30 de Threoir 2013/32, a leagtar amach i gCaibidil II den Treoir sin.

54 Dá bhrí sin, i gcás nach ndéanann tríú tír a bhfuil ainmnithe mar thríú tír shábhailte go ginearálta ag Ballstát na hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta lena mbaineann a ligean isteach nó a athligean isteach, i ndáiríre, ní fhéadfaidh an Ballstát sin a n-iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a dhiúltú mar neamh-inghlactha, ar bhonn Airteagal 33(2)(c) de Threoir 2013/32. Ina theannta sin, ní fhéadfaidh an Ballstát scrúdú na n-iarratas sin a chur siar gan údar a chur leis agus ní mór dó a áirithiú, go háirithe, go ndéanfar an scrúdú sin ar bhonn aonair, i gcomhréir le hAirteagal 10(3)(a) den Treoir chéanna agus laistigh de na spriocanna atá leagtha amach in Airteagal 31 den Treoir sin.

55 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, ní bhainfeadh léiriú Airteagal 38 de Threoir 2013/32 a glacadh i mír 52 den bhreithiúnas seo, d’éifeachtacht cheart aitheanta an iarratasóra ar chosaint idirnáisiúnta, mar a chumhdaítear in Airteagal 18 den Chairt agus ar tugadh foirm nithiúil dó leis an Treoir sin, chun stádas thairbhí na cosanta idirnáisiúnta a fháil, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a cheanglaítear le dlí an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Feabhra 2024, *Bundesrepublik Deutschland Inghlacthacht iarratais iardain)*, C-216/22, EU:C:2024:122, mír 39).

56 Dá bhrí sin, is é an freagra ar an gcéad cheist ná nach mór Airteagal 38 de Threoir 2013/32, arna léamh i bhfianaise Airteagal 18 den Chairt, a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc ar reachtaíocht Ballstáit lena n-ainmnítear tríú tír a bheith sábháilte go ginearálta maidir le catagóirí áirithe

iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta nuair a chuir an tríú tír sin, in ainneoin na hoibleagáide dlíthiúla a bhfuil sí faoina réir, ligean isteach nó athligean isteach na n-iarratasóirí sin ar a críoch ar fionraí, ar bhealach ginearálta agus gan aon ionchas intuartha ann go n-athrófaí an seasamh sin.

An dara agus an tríú ceist

57 I bhfianaise an fhreagra a tugadh ar an gcéad cheist, ar dá réir a bheidh an chúirt a rinne an tarchur in ann cinneadh a dhéanamh sna príomhimeachtaí, nach mbaineann ach le bailíocht forála rialála lena n-ainmnítear Poblacht na Tuirce mar 'thír atá sábháilte' do chatagóirí áirithe iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, ní gá scrúdú a dhéanamh ar an dara agus ar an tríú ceist.

Costais

58 Ós rud é, a mhéid a bhaineann leis na príomhpháirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte náisiúnta, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Ceathrú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 38 de Threoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar, arna léamh i bhfianaise Airteagal 18 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

ní mór léiriú a dhéanamh mar a leanas:

cuirtear cosc ar reachtaíocht Ballstáit lena n-ainmnítear tríú tír a bheith sábháilte go ginearálta maidir le catagóirí áirithe iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta nuair a chuir an tríú tír sin, in ainneoin na hoibleagáide dlíthiúla a bhfuil sí faoina réir, ligean isteach nó athligean isteach na n-iarratasóirí sin ar a críoch ar fionraí, ar bhealach ginearálta agus gan aon ionchas intuartha ann go n-athrófaí an seasamh sin.

Sínithe